B95^{Plus} Córas Cosanta Bus

AIRE:

Moltar bróga sábháilte leibhéil Omega, lámhainní sábháilteachta, spéaclaí sábháilteachta agus éadaí cosanta a úsáid agus an trealamh á shuiteáil, á chothabháil nó á sheirbhísiú.

Mura gcomhlíontar na treoracha a sholáthraítear i lámhleabhar an trealaimh, nó mura gloítear leo, d'fhéadfaí damáiste do-athraithe a dhéanamh don trealamh nó do réadmhaoin, d'fhéadfaí díobháil a dhéanamh do dhuine agus/nó d'fhéadfadh duine bás a fháil.

Sula ndéantar iarracht an trealamh a úsáid, déan athbhreithniú ar gach táscaire contúirte agus aire.

Má úsáidtear an trealamh ar bhealach nach bhfuil sonraithe ag an déantóir nó má oibríonn sé go mínormálta, lean ort go cúramach. Seachas sin, féadfaidh an chosaint a sholáthraíonn an trealamh a bheith laghdaithe agus a bheith ina cúis le lagoibriú agus/nó le díobháil.

Féadann voltais ghuaiseacha a bheith ina gcúis le turraing, le dónna nó bás.

Ní mór go bhfuil eolas ag pearsanra suiteála/seirbhíse ar chleachtais ghinearálta tástála gléasanna agus ar chúrsaí leictreachais. Ní mór cloí leis na réamhchúraimí sábháilteachta.

Sula ndéantar amharc-iniúchtaí, tástálacha, nó cothabháil thréimhsiúil ar an ngléas seo nó ar na ciorcaid ghaolmhara, aonraigh nó dínasc gach ciorcad beo agus gach foinse cumhachta leictre.

Mura ndéantar an trealamh a chasadh as sula mbaintear na naisc cumhachta, féadfaidh tú teacht i mbealach voltas contúirteach a bheith ina gcúis le díobháil nó a thabharfaidh an bás.

Gach trealamh ar féidir bheith talmhaithe, ba cheart amhlaidh a dhéanamh; ní mór go mbeidh conair talmhaithe iontaofa do-athraithe ar mhaithe le sábháilteacht ann, go mbeadh cosaint ar thrasnaíocht leictreamaighnéadach agus go mbeadh oibriúchán cúí sa ghléas.

Ba chóir go mbeadh talmhaithe trealaimh nasctha lena chéile agus nasctha le príomhchóras talmhaithe na saoráide don chumhacht phríomhúil.

Coinnigh na talamh-sheoláin go léir chomh gearr agus is féidir.

Ní mór teirminéal talmhaithe an trealaimh a bheith talmhaithe i gcónaí le linn oibriú agus sheirbhísiú an ghléis.

I dteannta leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá luaite maidir le gach nasc leictreachais, ní mór go dtugtar aird ar chód leictreachais na dlínse áitiúil is infheidhmithe.

Aicmítear tarchuradóirí LED mar IEC 60825-1 Teorainn Astúcháin Inrochtana (TAI) Aicme 1M. Meastar go bhfuil gléasanna Aicme 1M sábháilte don súil neamh-chuidithe. Ná hamharc go díreach orthu le hionstraimí optúla.

Ní mór sruthchlaochladáin (SCanna) a ghearrchiorcadadh roimh obair a dhéanamh orthu.

Aicme léasair: Aicme 1. Féach fíor thíos.



Meastar go bhfuil gléasanna Aicme 1sábháilte don súil neamhchuidithe. Ná hamharc go díreach orthu le hionstraimí optúla.

RABHADH: Cinntigh nach bhfuil an chumhacht beo le linn sreanga a nascadh leis an aonad, nó féadfaidh gortú nó bás a fháil mar thoradh air.

Cosaint Busbarra BUS2000

Úsáideann cosaint dhifreálach an bhusbarra athsheachadáin déchobhsaí chun comharthaí tuisle a atreorú de réir mar a thagann athrú ar thoipeolaíocht an fhostáisiúin. I gcás caibinéad éagsúil don suiteáil athsheachadáin, tá sé an-tábhachtach a chinntiú nach n-úsáidtear ach foinse chumhachta amháin (ceallra an fhostáisiúin) i gcomhair chosaint an bhusbarra. Má úsáidtear dhá fhoinsé SD, ní mór é seo a léiriú sna sonraíochtaí d'fhonn anailís a dhéanamh ar staideanna féideartha go léir an fhostáisiúin agus d'fhonn a chinntiú nach dtiocfaidh poil na gceallraí i dteagmháil leictreach riamh. Mura ndéantar é sin, féadfar damáiste a dhéanamh don bhuschosaint, do cháblú an fhostáisiúin nó do na ceallraí nó féadfar díobháil a dhéanamh don phearsanra. Ní ghlacfaidh an déantóir le haon dliteanas, i gcomhair éilimh de chineál ar bith, a eascróidh as mhí-úsáid a bhaint as an gcóras.

C264

Ceanglais Sábháilteachta Leictreachais

D'fhéadfadh tástáil ar insliú toilleoirí a fhágáil luchtaithe ar leibhéal chontúirteacha voltais. Díluchtaigh toilleoirí trí voltais tástála a laghdú go náid roimh cáblaí a dínascadh.

Ba cheart go nglantar trealamh ach amháin nuair atá sé dífhuinnmhithe agus ag úsáid éadach éaglúmhach fliuchta le huisce amháin.

Tá an port srathach tosaigh USB ceaptha le haghaidh cuspóir cothabhála amháin. Tá sé aonraithe go leibhéal ELV agus ní cheaptar é do nascadh úsáideora. Ba cheart go ndéantar réamhchúraimí ESD le linn rochtain a fháil air.

Suiteáil

Úsáid críochnuithe roc inslithe do naisc voltais agus srutha.

Ní féidir níos mó ná dhá sreang a scriúáil le chéile ar aon nascóir amháin.

Ba cheart go n-úsáideann na sreanga cumarsáide SA agus SD cábla cumhdaithe faoi leith.

Ba cheart go nasctar sreanga agus na nascóirí soláthair cumhachta díphlugáilte. Ní mór go ndéantar tástáil ar gach comhartha sreangtha roimh na nascóirí a phlugáil agus a dheisiú. Ní mór go bhfuil na nascóirí feistithe ar an gcás leis na scriúanna ar fáil ag gach foirceann den nascóir.

Talmhú

Is é 2.5mm méid íosta sreinge an TSC (Teirminéal Seoltóra Cosanta)² do thíortha ina bhfuil an soláthair príomhlíonra 230 V agus 3.3 mm² do thíortha ina bhfuil an soláthair príomhlíonra 110 V. D'fhéadfadh go gcuirfeadh rialachán sreinge áitiúla nó tíre in ionad sin.

Úsáid glaschnó nó meicníocht chomhchosúil le sláine TSC stoda-nasctha a chinntiú.

Chun gnéithe sábháilteachta an trealaimh a chothabháil, tá sé riachtanach nach gcuirtear isteach ar an seoltóir cosanta (talmhú) le linn seoltóirí talmhaithe feidhmiúla a nascadh nó a dínascadh mar shampla scáileáin cábla don stoda TSC.

Fiúsanna Voltais

Le haghaidh cosaint fiúis sheachtraigh, d'fhéadfaí cineál fiúis HRC le uasrátáil srutha de 16A agus íosrátáil SD de 220V SD don sholáthar cúnta (mar shampla Spota deirge NIT nó TIA).

Ba cheart do bhfuil cosaint ar chiorcaid dhigiteacha ionchuir le fiús ard-acmhainne réabtha NIT nó TIA a bhfuil uasrátaíl de 16 A aige. Ní mór nach bhfuil fiús i gclaochladáin srutha riamh toisc gur féidir voltais guaiseacha marfacha a thairgeadh má ndéantar iad a oscail-chiorcadú. Ba cheart go bhfuil fiús i gchiorcaid eile chun sreanga a úsáidtear a chosaint.

Díchoimisiúnú

Roimh díchoimisiúnú, aonaraigh na soláthair chumhachta trealamh go hiomlán (gach pol aschuir d'aon soláthar SD). D'fhéadfaí go mbeadh toilleoirí comhthreomhara ag an ionchur soláthair cúnta, a d'fhéadfadh a bheith luchtaithe fós. Chun turraing leictreach a sheachaint, díluchtaigh na toilleoirí ag úsáid teirminéil sheachtracha roimh dhíchoimisiúnú.

Uasgrádáil / Seirbhísiú

Ná cuir isteach nó tóg amach modúil, PCBanna nó cláir fhorlíontacha ón trealamh fuinnmhithe, mar d'fhéadfadh damáiste don trealamh a bheith de thoradh air. D'fhéadfadh go mbeadh voltais beo guaiseacha nochtaithe chomh maith, a bheadh baolach do phearsanra.

Is féidir le modúil inmheánacha agus cóimeáil a bheith trom agus d'fhéadfaí go mbeadh imill ghéara orthu. Bí cúramach le linn modúil a chuir isteach nó a bhaint san IED nó amach as an IED.

Ní mór nach ndéantar ach amháin pearsanra cáilithe an oibríocht chothabhála. Faigh greim ar chlár lena n-imill i gcónaí: Ná déan teagmháil leis an taobh comhpháirte nó an taobh sádrála agus cloígh le réamhchúraimí frith-statacha.

Rialaitheoir Loighce Uathoibríthe C90^{Plus}

Ní mór an ciorcad tánaisteach SC a ghearrchiorcadadh, sula mbainfeadh an modúl SA amach, d'fhonn ciorcad oscailte ar SC a chosc.

Caithfeadh an chumhacht rialaithe a bhaint ón aonad sula ndéanfaidh pearsanra cáilithe seirbhíse modúl a bhaint amach agus a chur isteach. Mura gcinntítear go bhfuil an chumhacht dínasctha, féadfar damáiste seasta a dhéanamh don ghléas agus féadfaidh sé seo a bheith ina chúis le díobháil phearsanta.

Má dhéantar cineál modúl mícheart a chur isteach i sliotán, féadfaidh sé seo a bheith ina chúis le díobháil phearsanta, le damáiste don aonad nó don trealamh lena bhfuil an t-aonad nasctha, nó le hoibriú míchuibhiúil an ghléis!

D.20 RIO

Lean gach réamhchúraim sábháilteachta agus treoracha sa lámhleabhar D.20.

Ba chóir nach n-oibreodh ach pearsanra cáilithe amháin ar D.20 DNA, ba chóir go mbeadh pearsanra eolach ar theicneolaíocht agus ar ghuaiseacha a bhaineann le trealamh leictreach.

Ná bí ag obair leat féin riamh.

Sula ndéantar amharciniúcháí, tástálacha, nó cothabháil ar an ngléas seo, aonraigh nó dínasc gach ciorcad beo guaiseacha agus na foinsí cumhachta leictre. Glac leis go bhfuil gach ciorcad beo go dtí go bhfuil siad go hiomlán dífhuinnmhithe, tástáilte agus clibeáilte. Bíodh aird ar leith agat ar dhearadh an chórais chumhachta. Cuimhnigh ar gach foinsé cumhachta, agus an fhéidearthacht aisfhotha san áireamh.

Cas as gach cumhacht a sholáthraíonn an trealamh ina bhfuil an D.20 DNA le suiteáil roimh an D.20 DNA a shuiteáil agus a shreangú.

Ná feidhmigh ach ón bhfoinse cumhachta mar a shonraítear ar mhodúl an tsoláthair chumhachta atá suiteáilte.

Bí aireach maidir le guaiseacha féideartha agus caith trealamh cosanta pearsanta.

Beidh feidhmiú ráthúil an trealaimh seo ag brath ar láimhseáil, shuiteáil, agus feidhmiú mar is cuí. Mura dtugtar aird ar bhuncheanglais suiteála is amhlaidh go leanfaidh gortú pearsanta chomh maith le damáiste do threalamh leictreach nó do réadmhaoin eile.

Tá gach teirminéal voltais SA cosanta ó theagmháil thimpisteach le cumhdach meicniúil sábháilteachta.

Tá gach cuid leictreach laistigh den D.20 DNA soghabhálach i leith damáiste ó dhíluchtú leictreastatach. Baintear úsáid as nósanna imeachta molta um rialú statach le damáiste a sheachaint le linn an táirge seo a láimhseáil.

Féadann voltais ghuaiseacha a bheith ina gcúis le turraing, dónna nó bás. Dínasc gach foinse chumhachta agus déan iad a ghlasaíl sula ndéanfar na comhpháirteanna a sheirbhísiú agus a bhaint le nochtadh ar voltais ghuaiseacha a sheachaint.

Dá n-úsáidí an D.20 DNA i modh nach bhfuil sonraithe sa lámhleabhar seo, d'fhéadfadh an chosaint a thugann an trealamh a bheith laghdaithe.

D'fhéadfadh athruithe nó mionathruithe a rinneadh ar an aonad gan údarú ag GE Digital Energy an barántas a chur ar neamhní.

AIRE, DROMCHLA TE: Moltar réamhchúraimí sábháilte láimhseála a úsáid nuair a bhíonn an t-aonad á bhfeidhmiú os cionn 68 °C teocht timpeallacha, le dónna a sheachaint.

AIRE: Féach an doiciméadú a thug an déantóir le dul le d'aonad soláthair chumhachta, sula ndéanfar é a shuiteáil. Cinntigh go gcomhlíonann tú gach treoir shábháilteachta a thugtar duit.

AIRE: Ba cheart gan na teirminéil Chúntacha agus /nó cumhacht tríd an bport D.20 a lódáil le forimeallaigh a sháraíonn 165 W.

Rialaitheoir Bainc Toilleora DGC C/V/M/Rialaitheoir Rialtáin Voltais/Réimse RTU

Réamhchúraimí ginearálta sábháilteachta

Léigh an leathanach treoracha seo agus lámhleabhar an táirge go hiomlán agus go cúramach roimh an Rialaitheoir DGC a chlárú, a fheidhmiú nó a chothabháil. Bíodh eolas agat maidir le "EOLAS SÁBHÁILTEACHTA" ar an leathanach seo.

Ní mór go ndéanfaidh pearsanra cáilithe an trealamh a bhaineann leis an bhfoirseachán seo a shuiteáil, a fheidhmiú, agus a chothabháil, pearsanra atá eolach ar shuiteáil, feidhmiú agus cothabháil trealamh lasnairde um dháileadh cumhachta leictreachais chomh maith leis na guaiseacha lena mbaineann.

Beidh an t-úsáideoir freagrach as sláine aon Nasc seoltóra cosanta a chinntiú roimh aon ghníomh eile a thabhairt faoi.

Is leis an úsáideoir an fhreagracht rátáil an trealaimh agus Treoracha oibriúcháin / Treoracha suiteála a sheiceáil roimh choimisiúnú, sheirbhís.

Roimh sheirbhísiú / choimisiúnú, seiceáil go bhfuil an seoltóir Talmhaithe cosanta (TC) nasctha le Talmhú roimh aon obair a dhéanamh

Éilítear dínascadh seachtrach leis an táirge seo le soláthair voltas an phríomhlíonra a aonrú.

Cinntigh go bhfuil sreang molta d'íosmhéid 14 awg ceangailte leis an teirminéal talmhaithe cosanta (TC). Ní mór an cluaisín teirminéil (TC) a dhaingniú le stoda #8 agus le torc riachtanach 18-20 in/lb.

Déantar iad seo a ghearrchiorcadadh roimh thús a chur le hobair ar cctanna SCanna.

Tá an táirge seo rátaithe chuig leibhéal astuithe Aicme A agus ní le húsáid ach amháin i dtimpeallachtaí Fónais nó Fostáisiúin. Ní le húsáid in aice le gléasanna leictreonacha atá rátaithe do leibhéal Aicme B.

Má dhéantar raidió neamhthástáilte a chuimsiú isteach sa mhúnla OEM is féidir go mbeidh laghdú san fheidhmíocht de dheasca iarmhairtí imdhíonachta Fuinnimh Radaimhnicíochta. Ní mór don Raidió cloí leis an treoir R&TTE agus FCC agus bheith cláraithe le Industry Canada, agus aird á tabhairt ar na rialacháin áitiúla um Fhuinneamh Radaimhnicíochta don Eoraip agus do Mheiriceá Thuaidh ar a laghad. Ní féidir le huas-phríomhrátáil an raidió an oibríocht leanúnach ag 13.8 VSD 12W nó uas-sruth tarchuir @2A a shárú.

Ní mór gan cineál eile aeróige a chur in ionad an ceann a sholáthraítear. Má cheanglaítear aeróg eile, cuirfear an t-údarás FCC agus IC ar neamhní agus ní fhéadfar an ID FCC /IC a thabhairt san áireamh a thuilleadh.

Agus Raidió sa Trealamh atá rátaithe do Mheiriceá Thuaidh

- Do raidió MDS iNETII Tarchuradóir le ID FCC laistigh de: E5MDS-INETII/CAN 3738A-INETII
- Do Raidió TransNet MDS Tarchuradóir le ID FCC laistigh de: E5MDS-EL805/IC: 3738A 12122
- Do raidió MDS SD4 Tarchuradóir le ID FCC laistigh de: E5MDS-SD4/IC: 101D-SD4

AIRE:

- Cinntigh go bhfuil dínascadh seachtrach ceangailte leis an táirge seo, atá cosanta ag cosaint imleor ciorcaid bhraínse.
- Cinntigh go bhfuil an stoda TC nasctha le talmhú de réir na réamhchúraimí ginearálta sábháilteachta sa treoirleabhar seo sula ndéantar é a chumhachtú.
- Athsholáthair aon fiúsanna leis an rátáil agus an cineál ceart de réir mar a léirítear i léaráid an teirminéil nó mar a shonraítear i lámhleabhar an táirge. Aire: Cinntigh go bhfuil an lasc dínasctha seachtraigh dínasctha go sábháilte roimh aon fhiúsanna a athrú.

CONTÚIRT:

Bain úsáid as plocóidí truaille banana, féach an fhíor "Banana plugs", le linn voltas a sholáthar leis an Rialaitheoir DGC a chumhachtú trí na teirminéil cumhachta sheachtracha (painéal tosaigh).



Fiúsanna

Fiúsanna a Úsáidtear:

Foinse Voltas Inmheánaí: FIÚS 3A/250V 1/4" X 1-1/4" CARTÚS GE P/N: 0901-0015, COPPER BUSHMANN P/N: AGC-3

Foinse Voltais Seachtraí: FIÚS 3A/250V 1/4" X 1-1/4" CARTÚS GE P/N: 0901-0015, COPPER BUSHMANN P/N: AGC-3

Meicníocht Laisce: FIÚS MÉARGHNÍOMHACH 6.3MMX32.0MM 250V 6A GE P/N: 0901-0086, COPPER BUSHMANN P/N: AGC-6-R

DGCM

AIRE:

Bain úsáid as córas ardaithe le taobhráillí/buicéad le guais titime a laghdú in ionad modhanna eile le linn suiteáil nó seirbhísiú.

Ná dínasc nascóirí cumhachta ar an DGCM nuair atá an córas BEO.

RABHADH: Ní mór don lucht suiteála cloí le ceanglais réigiúnacha agus/ nó beartais na gcuideachtaí maidir le CLEACHTAIS SÁBHÁILTEACHTA OIBRE. Is éigeantach úsáid iomchuí agus imleor TCP. Agus an t-aonad seo a shuí ar phol nó níos airde ná 6 tr ní mór trealamh imleor tógála a úsáid le féidearthacht na guaise titime a laghdú.

DGCS/R Rialaitheoir Laisc/Athdúntóir

Réamhchúraimí ginearálta sábháilteachta

AIRE:

Léigh an leathanach treoracha seo agus lámhleabhar an táirge go hiomlán agus go cúramach roimh an Rialaitheoir DGC a chlárú, a fheidhmiú nó a chothabháil. Bíodh eolas agat maidir le "EOLAS SÁBHÁILTEACHTA" ar an leathanach seo.

Ní mór go ndéanfaidh pearsanra cáilithe an trealamh a bhaineann leis an bhfoilseachán seo a shuiteáil, a fheidhmiú, agus a chothabháil, pearsanra atá eolach ar shuiteáil, feidhmiú agus cothabháil trealamh lasnairde um dháileadh cumhachta leictreachais chomh maith leis na guaiseacha lena mbaineann.

Beidh an t-úsáideoir freagrach as sláine aon Nasc seoltóra cosanta a chinntiú roimh aon ghníomh eile a thabhairt faoi.

Is leis an úsáideoir an fhreagracht rátáil an trealamh agus Treoracha oibriúcháin / Treoracha suiteála a sheiceáil roimh choimisiúnú, sheirbhís.

Roimh sheirbhísiú / choimisiúnú, seiceáil go bhfuil an seoltóir Talmhaithe cosanta (TC) nasctha le Talmhú roimh aon obair a dhéanamh

Éilítear dínascadh seachtrach leis an táirge seo le soláthair voltas an phríomhlíonra a aonrú.

Cinntigh go bhfuil sreang molta d'íosmhéid 14 awg ceangailte leis an teirminéal talmhaithe cosanta (TC). Ní mór an cluaisín teirminéil (TC) a dhaingniú le stoda #8 agus le torc riachtanach 18-20 in/lb.

Déantar iad seo a ghearrchiorcadadh roimh thús a chur le hobair ar cctanna SCanna.

Cinntigh an t-úsáideoir seachtrach a chur ar an eolas roimh dhul chuig an DGCR le hobair áitiúil a dhéanamh.

Bain úsáid as córas ardaithe le taobhráillí/buicéad le guais titime a laghdú in ionad modhanna eile le linn suiteáil nó seirbhísiú.

Ná dínasc nascóirí cumhachta ar an DGCR nuair atá an córas BEO.

Cinntigh go ndéanfar caibinéad seachtrach an DGCS/DGCR a ghlasáil arís i ndiaidh seirbhís áitiúil a chur i gcrích

Tá an táirge seo rátaithe chuig leibhéal astuithe Aicme A agus ní le húsáid ach amháin i dtimpeallachtaí Fónais nó Fostáisiúin. Ní le húsáid in aice le gléasanna leictreonacha atá rátaithe do leibhéal Aicme B.

Má dhéantar raidió neamhthástáilte a chuimsiú isteach sa mhúnla OEM is féidir go mbeidh laghdú san fheidhmíocht de dheasca iarmhairtí imdhíonachta Fuinnimh Radaimhnicíochta. Ní mór don Raidió cloí leis an treoir R&TTE agus FCC agus bheith cláraithe le Industry Canada, agus aird á tabhairt ar na rialacháin áitiúla um Fhuinneamh Radaimhnicíochta don Eoraip agus do Mheiriceá Thuaidh ar a laghad. Ní féidir le huas-phríomhrátáil an raidió an oibríocht leanúnach ag 13.8 VSD 12W nó uas-sruth tarchuir @2A a shárú.

Ní mór gan cineál eile aeróige a chur in ionad an ceann a sholáthraítear. Má cheanglaítear aeróg eile, cuirfear an t-údarás FCC agus IC ar neamhní agus ní fhéadfar an ID FCC /IC a thabhairt san áireamh a thuilleadh.

Agus Raidió sa Trealamh atá rátaithe do Mheiriceá Thuaidh

- Do raidió MDS iNETII Tarchuradóir le ID FCC laistigh de:
 - E5MDS-INETII/CAN 3738A-INETII
- Do Raidió TransNet MDS Tarchuradóir le ID FCC laistigh de:
 - E5MDS-EL805/IC: 3738A 12122
- Do raidió MDS SD4 Tarchuradóir le ID FCC laistigh de:
 - E5MDS-SD4/IC: 101D-SD4

AIRE:

CEALLRA: Ní féidir an ceallra ar bord a athsholáthar ach leis an gcineál céanna múnla. Is féidir nach dtabharfar aon cheallra eile an tsábháilteacht nó an fheidhmíocht atá riachtanach.

Fiúsanna a úsáidtear

Foinse Voltais Inmheánaí:

- FIÚS 3A/250V 1/4" X 1-1/4" CARTÚS GE P/N: 0901-0015, COPPER BUSHMANN P/N: AGC-3

Meicníocht Laisce

- MÉARGHNÍOMHACH 6.3MMX32.0MM 250V 6AGE P/N: 0901-0086, COPPER BUSHMANN P/N: AGC-6-R

Ceallra

Ceallra:

- Déantóir: Odyssey
- P/N an Déantóra: PC310
- Cuir síos: CEALLRA CILL THIRIM 101X86X138MM 12V 8AH GABHDÁN_ARD-TEOCHTA_M4

Cúltaca Ceallra:

- Voltas: 24 VSD (dhá cheallra 12 V)
- Toilleadh: 8 n-uair an chloig
- Ag luchtú: Nasctha i gcónaí le haonad luchtaithe cliste
- Aláraim: LED agus teachtaireachtaí aláraim
- Tástáil Cheallra: Inchláraithe trí ríomhchlár socraithe an chórais

AIRE: Déan an ceallra a athsholáthar leis an gcineál agus an múnla céanna. Le linn athsholáthar, cinntigh go mbaintear úsáid arís as an gcumhdach miotail leis na ceallraí a dhaingniú. Cinntigh go mbaintear úsáid arís as cumhdaigh rubair an teirminéil cheallra le gearrchiorcaid thimpisteacha a sheachaint.

Cosaint Dhigiteach Gineadóra DCP

Tá sé rithábachtach léimneoirí a chur isteach sna teirminéil phlocóid tástála ar thaobh an chórais, atá nasctha le ciorcad tánaisteach SC. Mura gcuirtear na léimneoirí seo isteach, beidh na hardvoltais a leanfaidh as sin ina ngéarghuais don phearsanra agus féadfaidh siad an-damáiste a dhéanamh don trealamh.

Rialaitheoir Tuisle Ghiniúint Dháilte DGT

Tá modúl inmheánach shochtadh borrrtha ar threalamh DGT chun cosaint ar dhíluchtú tintrí cóngarach dó nó ar spící ar líne fotha na haeróige. Chun an seans atá ann go dtarlóidh damáiste tintrí nó borrrtha, bíonn dea-thalmhú sábháilteachta riachtanach. Ní mór don talmhú seo an córas aeróige, an t-aonad DGT, an soláthar cumhachta, agus an trealamh sonraí go léir lena bhfuil siad nasctha, a nascadh le talmhú aonphointe.

Méadair EPM

Réamhchúraimí sábháilteachta méadair

Ní mór go bhfuil eolas ag pearsanra suiteála/seirbhíse ar chleachtais ghinearálta tástála gléasanna agus ní mór dóibh cloí leis na réamhchúraimí sábháilteachta.

Sula ndéantar amharc-iniúchtaí, tástálacha, nó cothabháil thréimhsiúil ar an ngléas seo nó ar na ciorcaid ghaolmhara, aonraigh nó dínasc na ciorcaid bheo ghuaiseacha go léir agus na foinsí cumhachta leictrí.

I dteannta leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá luaite maidir le gach nasc leictreachais ní mór go dtugtar aird ar chód leictreachais na dlínse áitiúil is infheidhmithe.

Ní mór na SCanna a ghearrchiorcadadh roimh obair a dhéanamh orthu.

Le deimhniúchán i gcomhair méadrú ioncaim a fháil, ní mór do sholáthraithe cumhachta agus cuideachtaí fónas fíorú go ndéanfaidh an méadar billeála fuinnimh feidhmiú ar an leibhéal cruinn atá luaite. Chun feidhmiúlacht agus calabré an mhéadair a dhearbhu, úsáideann soláthraithe cumhachta caighdeáin tástála réimse le cinntiú go bhfuil tomhas fuinnimh an aonaid ceart.

Suiteáil mhéadair

Ní mór go ndéanfar pearsanra cáilithe amháin Méadair EPM a shuiteáil agus go gcloíonn siad le réamhchúraimí sábháilteachta le linn gach nós imeachta. Ba chóir go mbeadh oiliúint agus taithí mar is cuí le gléasanna ardvoltais ag an bpearsanra sin. Moltar lámhainní sábháilteachta, spéaclaí sábháilteachta agus éadaí cosanta.

Le linn gnáth-oibriú méadar EPM, téann voltais chontúirteacha trí mhórán codanna den mhéadar, lena n-áirítear: Teirminéil agus aon SC (Sruthchlaohladáin) agus CP (Claohladáin Phoitéinsil) nasctha, gach Modúl I/A (Ionchur agus Aischur) agus a gcuid ciorcad. Féadann gach ciorcad Príomhúil agus Tánaisteach voltais mharfacha agus sruthanna marfacha a tháirgeadh uaireanta. Seachain teagmháil le haon cheann de na dromchlaí sruthiompartha.

RABHADH:

Ná húsáid an méadar nó aon Ghléas Aschuir I/A mar chosaint phríomhúil nó chun an fuinneamh a theorannú. Ní féidir an méadar a úsáid ach amháin mar chosaint tánaisteach.

Ná húsáid an méadar i gcomhair feidhmchlár ina d'fhéadfadh le cliseadh méadair a bheith ina chúis le díobháil nó bás.

Ná húsáid an méadar i gcomhair aon fheidhmchlár ina d'fhéadfadh baol tine a bheith ann.

Ní mór go suiteáiltear an EPM7000/T in iniámh leictreachais, áit nach bhfuil rochtain ar shreangú leictreach beo ach ag Gach teirminéil inrochtana tar éis suiteála.

Ba chóir nach mbeadh rochtain ar na teirminéil méadair tar éis a suiteála.

Ná cuir níos mó ná an t-uasvoltais ar féidir leis an méadar nó le haon ghléas nasctha a sheasamh. Féach na lipéid ar an méadar agus/nó ar an ngléas agus na Sonraíochtaí sula gcuirfead voltais leis. Ná déan tástáil HIPOT/Tréleictreach ar aon teirminéal Aischuir, Ionchuir nó Cumarsáide.

Molann GE Baic Chiorrúcháin agus Fiúsanna a úsáid i gcomhair seolán voltais agus an tsoláthair chumhachta chun dálaí guaiseacha voltais nó damáiste do SCanna a sheachaint, más gá an méadar a bhaint ón tseirbhís. Is roghnach talmhú SC.

Ní mór lasc-scoradán a bheith ar áireamh sa threalamh úsáid deiridh nó sa suiteáil foirgnimh. Beidh an lasc cóngarach don trealamh agus sorochtana ag an úsáideoir. Beidh an lasc marcáilte mar ghléas dínasctha don trealamh.

Suiteáil-4600

RABHADH: Molann GE Digital Energy fiúsanna a úsáid i gcomhair seolán voltais agus an tsoláthair chumhachta, agus baic chiorrúcháin chun dálaí guaiseacha voltais nó damáiste do SCanna a sheachaint, más gá an t-aonad EPM 4600 a bhaint ón tseirbhís. Ní mór taobh amháin den SC a thalmhú.

NÓTA: Níl na hionchuir shrutha le nascadh ach le sruthchlaohadáin sheachtracha atá soláthraithe ag an suiteálaí. Déanfar na SCanna a Údarú nó a Dheimhniú agus a rátáil do sruth an mhéadair a tá úsáidte.

Fiúsanna voltais-EPM 2200, 7000

Molann GE Multilin úsáid a bhaint as na fiúsanna ar gach ceann de na braiteoirí voltais agus ar an gcumhacht rialaithe, fiú mura bhfuil siad ar taispeáint sna léaráidí sreangaithe sa treoirleabhar.

Úsáid fiús 1 Aimp ar gach ionchur voltais

Úsáid fiús 3 Aimp Séideadh Mall ar an soláthar cumhachta.

Naisc thalaimh-EPM 2200, 7000

Ba cheart Teirminéil Talaimh an Mhéadair a bheith nasctha díreach le talmhú cosanta na suiteála. Úsáid sreang AWG# 12/2.5 mm² don nasc seo.

Deimhniúchán-EPM 2200, 7000

Le deimhniúchán i gcomhair méadrú ioncaim a fháil, caithfidh soláthraithe cumhachta agus cuideachtaí fónais fíorú go ndéanfaidh an méadar billeála fuinnimh feidhmiú ar an leibhéal cruinn atá luaithe. Chun feidhmiúlacht agus calabrú an mhéadair a dhearbú, úsáideann soláthraithe cumhachta caighdeán tástála réimse le cinntiú go bhfuil tomhas fuinnimh an aonaid ceart. De bhrí gur méadar ioncaim inrianta é EPM 2200, tá bíog tástála ag grád fónais istigh ann ar féidir úsáid a bhaint aisti le caighdeán cruinn a choinneáil. Gné ríthábhachtach is é sin a éilítear i ngach méadar ghrád billeála.

EPM 4600 Naisc thalaimh

Ba cheart teirminéil Talaimh an aonaid EPM 4600 a bheith nasctha díreach le talmhú cosanta na suiteála. Úsáid sreang AWG# 12/2.5 mm² don nasc seo.

NÁ fág an SC tánaisteach ar oscailt nuair a bhíonn sruth príomhúil ag sreabhadh. D'fhéadfadh sé sin ardvoltas a dhéanamh, rud is cúis le róthéamh an SC. Mura bhfuil an SC nasctha, cuir bac ciorrúcháin ar fáil ar an SC tánaisteach.

Molann GE Digital Energy go hard baic chiorrúcháin a úsáid le cur ar chumas an t-aonad EPM 4600 a bhaint ó chiorcad fuinnmhithe, más gá (féach "Removing the EPM 4600 Unit From Service/Reinstalling the EPM 4600 Unit" ar leathanach 4-39 le treoracha a fháil).

Molann GE Digital Energy bac ciorrúcháin trí phais ar gach lód trí phais.

Tá 8 mbac ciorrúcháin de dhíth ort do na 8 giorcad trí phais.

AIRÍ: Cuireann baic chiorrúcháin ar do chumas sruthchlaochladáin suiteáilte a ghearrchiorcadadh ionas gur féidir an méadar a dhíshuiteáil le seirbhísiú, más gá. Is gné sábháilteachta an-tábhachtach é sin. Féach an fíor thíos "Bac Ciorrúcháin (Go maith do 1 tacar de CTanna trí phas" léiriúchán thíos.



EPM 9900

Le dálaí contúirteacha voltais a sheachaint, éilítear cosaint chiorcaid fiúsbhrainse a úsáid do sheoláin voltais agus don soláthar cumhachta. Le damáiste do SC agus díobhálacha féideartha a sheachaint, éilítear baic chiorrúcháin do na ciorcaid SC más gá an méadar a bhaint ón tseirbhís.

Ba cheart gurb é 15 Aimp méid na cosanta ciorcaid brainse.

Maidir le lóid níos mó ná 10 Aimp, ba cheart go ndéanfaí na sreanga SC a shreangú díreach trí bhéal an SC (modh sreangaithe dul tríd - féach Téann Seoláin Trí (Níl Críochnú Méadair ann), le sreang 10 AGW.

RABHADH:

NÁ fág an SC tánaisteach ar oscailt nuair a bhíonn sruth príomhúil ag sreabhadh. D'fhéadfadh sé sin ardvoltas a chur ar an SC tánaisteach atá ar oscailt, rud a d'fhéadfadh bheith marfach do dhaoine, agus an trealamh é féin a scriosadh.

Cosaint Friothálach agus Rialaitheoir Bá F650

Tá an modúl claochladáin do na CVanna agus do na SCanna nasctha cheana le nascóir bainean atá daingnithe ar an gcásáil le scríunna. Tá barraí ciorrúcháin ina gcuid de na hionchuir reatha, ionas gur féidir an modúl a bhaint amach gan na sruthanna a ghearrchiorcadh go seachtrach. Tá sé fíorthábhachtach, de bharr cúiseanna sábháilteachta, na teirminéil chéanna a choinneáil do na SCanna agus do na CVanna.

G100 Tairseach Fostáisiúin Forbartha

Lean gach réamhchúraim sábháilteachta agus treoracha sa lámhleabhar G100.

Ba chóir go n-oibreodh pearsanra cáilithe amháin ar an G100. Ba chóir go mbeadh pearsanra cothabhála eolach ar theicneolaíocht agus ar ghuaiseacha a bhaineann le trealamh leictreach.

Ná bí ag obair leat féin riamh.

Trealamh Aicme 1. Ní mór an trealamh a thalmhú. Ní mór go bhfuil an phlugaíl chumhachta nasctha le haschur soicéid talmhaithe sreangaithe i gceart. D'fhéadfadh aschur soicéid talmhaithe nach bhfuil sreangaithe i gceart voltais ghuaiseacha a chur ar pháirteanna miotail inrochtana.

Cuimsítear comhphárteanna rátáilte mar Tháirgí Léasair Aicme 1 sa táirge seo.

Tá sreang talmhaithe (18AWG) riachtanach le ceangail ón bhfonnadh G100 don talmhú cosanta.

Tá an táirge seo ceaptha le soláthar ó sholáthar cumhachta SD UL liostaithe nó foinse chumhachta SD a bhfuil rátáil do 12/24/48Vdc, 5/2.5/1.25A íosmhéid, T_{ma} = 70 céim C, agus airde oibríochta = 5000m.

Is féidir an gléas a úsáid i suíomh socráithe amháin. Cinntigh go bhfuil an nasc talmhaithe cosanta fíordheimhnithe ag pearsanra cáilithe.

Sula ndéantar amharciniúcháí, tástálacha, nó cothabháil ar an ngléas seo, aonraigh nó dí nasc gach ciorcad beo guaiseacha agus na foinsí cumhachta leictirí. Glac leis go bhfuil gach ciorcad beo go dtí go bhfuil siad go hiomlán dífhuinnmhithe, tástáilte agus clibeáilte. Bíodh aird ar leith agat ar dhearadh an chórais chumhachta. Cuimhnigh ar gach foinse cumhachta, agus an fhéidearthacht aisfhotha san áireamh.

Cas as gach cumhacht a sholáthraíonn an trealamh ina bhfuil an G100 le suiteáil roimh an G100 a shuiteáil agus a shreangú.

Ná feidhmigh ach ón bhfoinse cumhachta mar a shonraítear ar mhodúl an tsoláthair chumhachta atá suiteáilte.

Bí cúramach maidir le guaiseacha féideartha agus caith trealamh cuí cosanta pearsanta, bróga sábháilteachta, cosaint shúile agus lámhainní.

Beidh feidhmiú ráthúil an trealaime seo ag brath ar láimhseáil, shuiteáil, agus feidhmiú mar is cuí. Mura dtugtar aird ar bhuncheanglais suiteála is amhlaidh go leanfaidh gortú pearsanta chomh maith le damáiste do threalamh leictreach nó do réadmhaoin eile.

Tá gach comhphárteanna leictreonacha laistigh den G100 soghabhólach i leith damáiste ó dhíluchtú leictreastatach. Baintear úsáid as nósanna imeachta molta um rialú statach le damáiste a sheachaint le linn an táirge seo a láimhseáil.

Féadann voltais ghuaiseacha a bheith ina gcúis le turraing, dónna nó bás. Dí nasc gach foinse chumhachta agus déan iad a ghlasáil sula ndéanfar na comhphárteanna a sheirbhísiú agus a bhaint le nochtadh ar voltais ghuaiseacha a sheachaint.

Dá n-úsáidí an G100 i modh nach bhfuil sonraithe sa lámhleabhar seo, d'fhéadfadh an chosaint a thugann an trealamh a bheith laghdaithe.

D'fhéadfadh athruithe nó mionathruithe a rinneadh ar an aonad gan údarú ag GE an barántas a chur ar neamhní.

Rabhadh: D'fhéadfadh teip ar chomhlíonadh na dtreoracha sa lámhleabhar seo a bheith ina thoradh le gortú tromchúiseach nó bás

AIRE:

Dromchla Te: D'fhéadfadh go sroichfeadh dhromchla an tslogaíde theasa teocht de 60°C agus níos mo le linn oibriú an G100. Mar sin, bí cúramach agus ná déan teagmháil leis le méara nochtá.

RABHADH:

NÁ nasc an táirge le cumhacht má tá damáiste infheicthe déanta de!

Má dhéantar, d'fhéadfadh é a bheith ina chúis le níos mó damáiste, b'fhéidir damáiste nach féidir a dheisiú, chomh maith le tine nó guais turrainge a thabhairt isteach.

RABHADH:

Roimh aon chlár a shuiteáil nó a bhaint, cinntigh le do thoil go bhfuil an chumhacht córais agus soláthair sheachtracha casta as!

AIRE:

Roimh an G100 a shuiteáil agus a oibriú, léigh agus lean na treoirínte sábháilteachta agus treoracha sna réamhchúraimí Sábháilteachta.

RABHADH:

D'fhéadfadh nasc talmhaithe nach bhfuil sreangaithe i gceart voltais ghuaiseacha a chur ar pháirteanna miotail inrochtana.

G500 Tairseach Fostáisiúin Forbartha

Lean gach réamhchúraim sábháilteachta agus treoracha sa lámhleabhar G500.

Ba chóir go n-oibreodh pearsanra cáilithe amháin ar an G500. Ba chóir go mbeadh pearsanra cothabhála eolach ar theicneolaíocht agus ar ghuaiseacha a bhaineann le trealamh leictreach.

Ná bí ag obair leat féin riamh.

Sula ndéantar amharciniúchtaí, tástálacha, nó cothabháil ar an ngléas seo, aonraigh nó dínasc gach ciorcad beo guaiseacha agus na foinsí cumhachta leictrí. Glac leis go bhfuil gach ciorcad beo go dtí go bhfuil siad go hiomlán dífhuinmhithe, tástáilte agus clibeáilte. Bíodh aird ar leith agat ar dhearadh an chórais chumhachta. Cuimhnigh ar gach foinse cumhachta, agus an fhéidearthacht aisfhotha san áireamh.

Cas as gach cumhacht a sholáthraíonn an trealamh ina bhfuil an G500 le suiteáil roimh an G500 a shuiteáil agus a shreangú.

Ná feidhmigh ach ón bhfoinse cumhachta mar a shonraítear ar mhodúl an tsoláthair chumhachta atá suiteáilte.

Bí aireach maidir le guaiseacha féideartha agus caithe trealamh cosanta pearsanta.

Beidh feidhmiú ráthúil an trealaimh seo ag brath ar láimhseáil, shuiteáil, agus feidhmiú mar is cuí. Mura dtugtar aird ar bhuncheanglais suiteála is amhlaidh go leanfaidh gortú pearsanta chomh maith le damáiste do threalamh leictreach nó do réadmhaoin eile.

Tá gach comhpháirteanna leictreonacha laistigh den G500 soghabhálach i leith damáiste ó dhíluchtú leictreastatach. Baintear úsáid as nósanna imeachta molta um rialú statach le damáiste a sheachaint le linn an táirge seo a láimhseáil.

Féadann voltais ghuaiseacha a bheith ina gcúis le turraing, dónna nó bás. Dínasc gach foinse chumhachta agus déan iad a ghlásáil sula ndéanfar na comhpháirteanna a sheirbhísiú agus a bhaint le nochtadh ar voltais ghuaiseacha a sheachaint.

Dá n-úsáidfe an G500 i modh nach bhfuil sonraithe sa lámhleabhar seo, d'fhéadfadh an chosaint a thugann an trealamh a bheith laghdaithe.

D'fhéadfadh athruithe nó mionathruithe a rinneadh ar an aonad gan údarú ag GE an barántas a chur ar neamhní.

AIRE:

Dromchla Te: D'fhéadfadh go sroichfeadh dhromchla an tslogaíde theasa teocht de 60°C agus níos mo le linn oibriú an G500. Mar sin, bí cúramach agus ná déan teagmháil leis le méara nochna.

RABHADH:

NÁ nasc an táirge le cumhacht má tá damáiste infheicthe déanta de!

Má dhéantar, d'fhéadfadh é a bheith ina chúis le níos mó damáiste, b'fhéidir damáiste nach féidir a dheisiú, chomh maith le tine nó guais turrainge a thabhairt isteach.

RABHADH:

Roimh aon chlár a shuiteáil nó a bhaint, cinntigh le do thoil go bhfuil an chumhacht córais agus soláthair sheachtracha casta as!

AIRE:

Roimh an G500 a shuiteáil agus a oibriú, léigh agus lean na treoirlínte sábháilteachta agus treoracha sna réamhchúraimí Sábháilteachta.

RABHADH:

D'fhéadfadh nasc talmhaithe nach bhfuil sreangaithe i gceart voltais ghuaiseacha a chur ar pháirteanna miotail inrochtana.

CONTÚIRT:

Is féidir le turraing leictreach a bheith ina chúis le gortú agus a bheith marfach.

Roimh aon chlár a shuiteáil nó a bhaint, le do thoil cinntigh go bhfuil an chumhacht chórais agus soláthair sheachtracha chomh maith le cumhacht do gléasanna nasctha don aschur Athsheachadáin ALÁRAIM casta as agus/nó díphlugáilte ón ngléas.

H49

Ceanglais Sábháilteachta Leictreachais

D'fhéadfadh tástáil ar insliú toilleoirí a fhágáil luchtaithe ar leibhéal chontúirteacha voltais. Díluchtaigh toilleoirí trí voltais tástála a laghdú go náid roimh cáblaí a dínascadh.

Ba cheart go nglantar trealamh ach amháin nuair atá sé difhuinnmhithe agus ag úsáid éadach éagluímhach fliuchta le huisce amháin.

Nuair a úsáidtear modúil Éitirlín Copair SFP, ní bheidh fad an chábla nasctha faoi fhad 3m agus ní thiocfaidh sé thar an caibinéad ina úsáidtear an táirge. Déanfar an trealamh nasctha ag gach deirí araon den chábla nasctha go díreach le pointe talmhaithe cosanta comónta laistigh den caibinéad céanna.

Nuair a úsáidtear modúil optúla SFP tá siad te-inhabhtáilte, tabhair faoi deara, áfach, nach mór go bhfuil aon cháblaí snáthoptaice nasctha inslithe go hiomlán agus nach gcuimsítear aon mhiotal (m.sh, riantóirí) chun aonarú iomlán a ligean ón trealamh cunta.

Roimh an chumhacht a chasadh air cinntigh go bhfuil an soláthar cunta i raon an aonaid (mar a shonraítear ar an lipéad rátála ar thaobh an aonaid).

Suiteáil

Úsáid críochnuithe roc inslithe do naisc voltais agus srutha.

Ní féidir níos mó ná dhá sreang a scríúáil le chéile ar aon nascóir amháin.

Ba cheart go n-úsáideann na sreanga cumarsáide SA agus SD cóbla cumhdaithe faoi leith.

Deartar an Reason H49 le feistiú ar DIN Rail caighdeánach amháin. Don chuspóir seo, tá dhá bhrac gléasta inchoigeartaithe suite ar chúil an H49, ceann ar bharr agus ceann ar bhun an éadain cúil. D'fheadfadh clib gléasta roghnaithe Weidmuller FM4 TS35 a úsáid chomh maith.

Cinntigh go bhfuil naisc do cheachtar do na hionchur soláthair cumhachta nó an nasc Athsheachadáin Aláiraim foirceannta ag úsáid bianna roic. Déantar leis seo an riosca de snáitheanna sreinge a gearrchiorcadadh chuig naisc in aice láimhe.

Seiceáil go bhfuil aon naisc déanta don aonad daingin roimh chumhacht a chur i bhfeidhm.

Talmhú

Is é 2.5mm méid íosta sreinge an TSC (Teirminéal Seoltóra Cosanta)² do thíortha ina bhfuil an soláthair príomhlíonra 230 V agus 3.3 mm² do thíortha ina bhfuil an soláthair príomhlíonra 110 V. D'fheadfadh go gcuirfear rialachán sreinge áitiúla nó tíre in ionad sin. Ní mór go ndéantar é a fhoirceannadh le roc fáinne M4 den mhéid ceart don sreang úsáidte.

Úsáid glasnó nó meicníocht chomhchosúil le sláine TSC stoda-nasctha a chinntiú.

Tá seoltóir cosanta (talmhú) de dhíth ag an trealamh seo chun sábháilteacht úsáideora a chinntiú i gcomhréir leis an sainmhíniú sa chaighdeán BS EN 60255-27:2014 (IEC 60255-27:2013) Inslíú Aicme 1.

Ní mór go bhfuil an seoltóir cosanta (talmhú) chomh gearr agus is féidir, le friotaíocht agus ionduchtas íseal. Ní mór go ndéantar an tseoltacht leictreach is fearr a chothabháil an t-am ar fad, ach go háirithe friotaíocht teagmhála an dhromchla stoda cruach plátáilte.

Chun gnéithe sábháilteachta an trealaimh a chothabháil, tá sé riachtanach nach gcuirtear isteach ar an seoltóir cosanta (talmhú) le linn seoltóirí talmhaithe feidhmiúla a nascadh nó a dínascadh mar shampla scáileáin cábla don stoda TSC.

Fiúsanna Voltais

Le haghaidh cosaint fiúis sheachtraigh, d'fheadfaí cineál fiúis ard-acmhainne réabtha (HRC) a bhfuil uasráitil srutha de 16A agus íosráitil SD de 220V SD aige a úsáid don sholáthar cúnata (mar shampla cineál Spota deirge NIT nó TIA).

Buschóras Próisis HardFiber

Ná hoibrigh ach amháin má tá na teirminéil talmhaithe ar Bhrící agus ar Phainéil Chroscasctha atá nasctha go daingean leis an talmhú ag úsáid umhashreanga de TSM #12 nó níos mó.

Athsheachadán Cúntach Il-Theagmhálaithe HFA

Nuair a úsáidtear treoirshreanga chun athsheachadáin chosanta a nascadh, d'fheadfadh ardvoltais a bheith le feiceáil idir na treoirshreanga agus an talmhú ag na teirminéil. Bíonn difríochtaí i bpoitéinseal talmhaithe an stáisiúin mar chúis leis na voltais seo de ghnáth ach d'fheadfadh an fad-ionduchtú a bheith mar chúis leo freisin má sheoltar na treoirshreanga i gcomhthreo agus in aice le línte cumhachta ar feadh achair ar bith. Cé go bhfuil na hathsheachadáin HFA nasctha go díreach leis na treoirshreanga, beidh an poitéinseal céanna ar chodanna den athsheachadán is atá ar na treoirshreanga, agus ba chóir go ndéanfaí na réamhchúraimí riachtanacha a chomhlíonadh agus scrúdú á dhéanamh ar an athsheachadán nó tástáil á déanamh air ar an láthair.

Sraithrialaitheoir Fostáisiúin iBOX

Dínasc gach foinse chumhachta agus déan í a ghlásáil sula ndéanfar na comhphárteanna a sheirbhísiú agus a bhaint amach.

Déan gach príomhúlach sruthchlaochladáin a ghearrchiorcadadh sula ndéanfar é a sheirbhísiú.

Ná déan teagmháil le soláthairtí cumhachta an ghléis, toisc go bhfuil voltais ghuaiseacha sna soláthairtí seo.

Aonad Comhtháite Taispeána IDU

Baol turrainge leictrí agus guais fuinnimh: Nuair a dhéantar soláthar cumhachta amháin a dhínascadh, ní dhéantar ach modúl sholáthar cumhachta amháin a dhínascadh. Chun an t-aonad a aonrú go hiomlán, dínasc gach soláthar cumhachta.

Chun ceanglais sábháilteachta a chomhlíonadh, suiteáil lasc idir an SDIDU.

Don soláthar cumhachta seachtrach TM agus do na soláthairtí cumhachta SDIDUTM, caithfidh an lasc an dá phol den soláthar cumhachta a dhínascadh.

Féadfaidh leictreachas statach a bheith ina chúis le díobháil choirp, agus féadfaidh sé díobháil a dhéanamh do na comhphárteanna leictreonaice taobh istigh den ghléas. Duine ar bith a bhfuil de fhreagracht air nó uirthi an IDU a shuiteáil nó a chothabháil, ní mór dóibh strapa rosta DLS a úsáid. Ní mór bearta cosanta DLS a chomhlíonadh agus teagmháil á déanamh leis an IDU. Chun damáiste a sheachaint, sula ndéanfar teagmháil leis na comhphárteanna taobh istigh den ghléas, ní mór voltas leictreastatach a dhíluchtú ón bpearsanra agus ó na huirlisí araon.

Cosaint Mótair Ísealvoltais Modúlach LM10

Soláthrófar an táirge seo le fiús liostaithe 10A SD ar a mhéad nó le scoradán ciorcaid sa chiorcad soláthair nuair a bhíonn sé nasctha le foinse SD lártaite de 48 V.

Agus an ghné lasctha chothabháilte á húsáid, ní mór guaiseacha féideartha sábháilteachta a mheas agus cumraíocht chúí a roghnú i gcomhair gach feidhmchláir.

MiCOM Agile

Ceanglais sábháilteachta leictreachais

D'fhéadfadh tástáil ar insliú toilleoirí a fhágáil luchtaithe ar leibhéil chontúirteacha voltais. Díluchtaigh toilleoirí trí voltais tástála a laghdú go náid roimh cáblaí a dhínascadh.

Ba cheart go nglantar trealamh ach amháin nuair atá sé dífhuinmhithe agus ag úsáid éadach éaglúmhach fliuchta le huisce amháin.

Nuair a úsáidtear comhphárteanna seachtracha mar shampla friotóirí nó friotóirí spléacha ar voltais (FRV), d'fhéadfadh iad a bheith ina mbaol de thurraing leictreach nó dóнна má leagtar lámh orthu.

Bí rí-chúramach le linn constaicé tástála seachtracha agus plocóidí tástála mar shampla MMLG, MMLB agus P990 a úsáid, toisc gur d'fhéadfaí voltais ghuaiseacha a nochtadh. Cinntigh go bhfuil na ceangail ghearrchiorcadadh SC in áit roimh na plocóidí tástála a bhaint, chun voltais a d'fhéadfadh a bheith marfacha a sheachaint.

D'fhéadfadh le cáblaí cumarsáide sonraí a bhfuil scáileáin agus/nó seoltóirí scáileáin, (lena n-áirítear cáblaí snáithín optaice a bhfuil eilimintí miotalacha acu), a bheith ina nguais le turraing leictreach i dtimpeallacht fostáisiúin mura bhfuil an dá fhoirceann den scáileáin cábla nasctha don chóras talmhaithe comhphoitéinsil-daingnithe céanna.

Chun an baol turrainge leictre de bharr guaiseacha féideartha aistrithe a laghdú:

- Ba cheart go n-áirítear san shuiteáil gach bearta cosanta riachtanacha ionas go gcinntítear nach féidir le haon srutha lochta a shreabhadh sa seoltóir scáileáin cábla nasctha.
- Ba cheart go nasctar seoltóir scáileáin an chábla nasctha don teirminéal seoltóra cosanta (TSC) an trealamh nasctha ag ceachtar foirceann. D'fhéadfadh go bhfuil an nasc seo intuigthe sna nascóirí soláthraithe ar an trealamh, ach má tá aon amhras ann, ní mór do ndéantar é a dhearbhu trí thástáil leanúnachais.
- Ba cheart go nasctar an TSC de gach phíos den trealamh nasctha go díreach leis an gcóras talmhaithe comhphoitéinsil-daingnithe céanna.
- Mura nasctar an dá foirceann araon den scáileáin cábla don chóras talmhaithe comhphoitéinsil-daingnithe céanna ar chúis ar bith, ní mór go ndéantar réamhchúraimí ionas go gcinntítear go ndéantar a leithéid de naisc scáileáin sábháilte sula ndéantar aon obair ar, nó i bhfoisceacht do, aon cáblaí mar sin.
- Ní ndéanfar aon trealamh a nascadh le haon íoslódáil nó ciorcaid chothabhála nó nascóirí den táirge ach amháin go sealadach agus ar mhaithe le cothabháil amháin.
- Déanfar trealamh nasctha go sealadach don táirge seo ar mhaithe le cothabháil a thalmhú go cosantach (má tá riachtanas le talmhú cosantach an trealamh shealadaigh), go díreach don chóras talmhaithe comhphoitéinsil-daingnithe céanna leis an táirge.

Is le haghaidh úsáid ar dhromchla cothrom é trealamh a bhfuil marcáil UL/CSA/CUL air ceaptha d'fheistiú raca nó painéal más iniamh Cineál 1é, mar atá shainmhínithe ag Underwriters Laboratories (UL).

Déanfar trealamh a bhfuil marcáil UL/CSA/CUL air a shuiteáil ag úsáid páirteanna aitheanta UL/CSA/CUL do: cáblaí, fiúsanna cosanta, coinneálaithe fiúis agus scoradáin chiorcaid, teirminéil roic inslithe agus ceallra inmheánacha athchurtha.

Suiteáil

Daingnigh scriúnna clampála M4 de nascóirí tromshaothair bloic teirminéal do casmhóimint ainmniúil de 1.3Nm. Daingnigh scriúnna cime de bhloic theirminéal d'íosmhéid 0.5Nm agus uasmhéid de 0.6Nm.

Úsáid críochnuithe roc inslithe do naisc voltais agus srutha.

Tá teagmhála fair (féin-mhonatóireacht) curtha ar fáil chun sláine an ghléis a léiriú. Molaimid go hard iad a chruashreangaigh sa chóras uathobrithe fostáisiúin, ar mhaithe le cuspóirí aláirim.

Talmhú

Is é 2.5 mm² méid íosta sreinge an TSC (Teirminéal Seoltóra Cosanta) do thíortha ina bhfuil an soláthair príomhlíonra 230 V agus 3.3 mm² do thíortha ina bhfuil an soláthair príomhlíonra 110 V. D'fhéadfadh go gcuirfear rialachán sreinge áitiúla nó tíre in ionad sin.

Úsáid glaschnó nó meicníocht chomhchosúil le sláine TSC stoda-nasctha a chinntiú.

Fiúsanna Voltais

I gcás ina bhfuil liosta UL/CSA den trealamh riachtanach do chosaint fiúis sheachtraigh, ní mór go n-úsáidtear fiúis liostaithe UL nó CSA don soláthar cúnta. Is é cineál fiúis cosanta liostaithe ná: Fiús moille ama Aicme J, a bhfuil uasráitíl srutha de 15A agus íosráitíl SD de 250V SD (mar shampla cineál JT15).

Nuair nach bhfuil liosta UL/CSA den trealamh riachtanach do chosaint fiúis sheachtraigh, d'fhéadfaí cineál fiúis ard-acmhainne réabtha (HRC) a bhfuil uasrátaíl srutha de 16A agus íosrátaíl SD de 250V SD aige a úsáid don sholáthar cúnta (mar shampla cineál Spota deirge NIT nó TIA).

Ba cheart do bhfuil cosaint ar chiorcaid ionchuir dhigiteacha le fiús ard-acmhainne réabtha NIT nó TIA a bhfuil uasrátaíl de 16 A aige. Ní mór nach bhfuil fiús i gclaochladáin srutha riamh toisc gur féidir voltais guaiseacha marfacha a thairgeadh má ndéantar iad a oscail-chiorcadú. Ba cheart go bhfuil fiús i gchiorcaid eile chun an tsreang a úsáidtear a chosaint.

Díchoimisiúnú

Roimh díchoimisiúnú, aonaraigh na soláthair chumhachta trealamh go hiomlán (gach pol aschuir d'aon soláthar SD). D'fhéadfaí go mbeadh toilleoirí comhthreomhara ag an ionchur soláthair cúnta, a d'fhéadfadh a bheith luchtaithe fós. Chun turraing leictreach a sheachaint, díluchtaigh na toilleoirí ag úsáid teirminéil sheachtracha roimh dhíchoimisiúnú.

Uasgrádáil/Seirbhísiú

Ná cuir isteach nó tóg amach modúil, PCBanna nó cláir fhorlíontacha ón trealamh fuinnmhithe, mar d'fhéadfadh damáiste don trealamh a bheith de thoradh air. D'fhéadfadh go mbeadh voltais beo guaiseacha nochtaithe chomh maith, a bheadh baolach do phearsanra.

Is féidir le modúil inmheánacha agus cóimeáil a bheith trom agus d'fhéadfaí go mbeadh imill ghéara orthu. Bí cúramach le linn modúil a chuir isteach nó a bhaint san IED nó amach as an IED.

Lasc Éitirlín ML800

Suiteálfar táirgí SD 48 V le gléas sorochtana dínasctha sa chiorcad soláthair suiteála foirgnimh a ghabhann leis an táirge.

Soláthrófar cumhacht sheachtrach do na haonaid SD le haonad cumhachta plugála díri, marcáilte Aicme 2, atá liostaithe, nó le soláthar cumhachta ITE, marcáilte LP, atá liostaithe, ag a bhfuil voltas aschuir atá rátaithe go cuí (is é sin, SD 24 V nó SD 48 V) agus sruth aschuir atá rátaithe go cuí.

Má dhéantar an trealamh a shuí i gcóimeáil iata nó ilraca, seiceáil ceanglais chumhachta an trealamh chun rólódáil chiorcaid leictreacha an fhoirgnimh a sheachaint.

ML810 Imeall-Lasc Faoi Bhainistíocht

Ceanglais sábháilteachta leictreachais

Ní mór gan an táirge seo a shuiteáil ach i Limistéir Rochtana Teoranta Amháin (Seomraí Trealamh Tiomnaithe, Clóiséid Leictreachais, nó lena leithéid).

Suiteálfar táirgí SD 48 V le gléas sorochtana dínasctha sa chiorcad soláthair suiteála foirgnimh a ghabhann leis an táirge.

Soláthrófar an táirge seo le fiús Liostaithe 10A SD ar a mhéad nó le scoradán chiorcaid sa chiorcad soláthair nuair a bhíonn sé nasctha le foinse SD lártaithe de 48 V.

Soláthrófar cumhacht sheachtrach do na haonaid SD le hAonad cumhachta Liostaithe, Plugála Dírí, marcáilte Aicme 2, nó le Soláthar Cumhachta ITE Liostaithe, marcáilte LP, ag a bhfuil voltas aschuir atá rátaithe go cuí (is é sin, SD 24 V nó SD 48 V) agus sruth aschuir atá rátaithe go cuí.

Níl fiúsanna in-athsholáthraithe ag an úsáideoir sa táirge seo. Is é GE Digital Energy AMHÁIN a dhéanfaidh fiúsanna inmheánacha a athsholáthar.

Ceanglais suiteála

AIRE: Roimh threalamh a shuiteáil, ní foláir na réamhchúraimí a leanas a dhéanamh:

Má dhéantar an trealamh a shuí i gcóimeáil iata nó ilraca, ní mór gurb é staid fadtéarmach seasta an teochta timpeallachta timpeall an trealamh 60°C nó níos lú.

Má dhéantar an trealamh a shuí i gcóimeáil iata nó ilraca, ní mór aersreabadh leordheonach a choinneáil ar mhaithe le hoibriú cuí sábháilteachta.

Má dhéantar an trealamh a shuí i gcóras iata nó ilraca, ní mór nach ndéanfar suíomh an trealamh an córas raca a rólódáil nó a lódáil go míchothrom.

Má dhéantar an trealamh a shuí i gcóras iata nó ilraca, seiceáil ceanglais chumhachta an trealamh chun rólódáil chiorcaid leictreacha an fhoirgnimh a sheachaint.

Má dhéantar an trealamh a shuí i gcóras iata nó ilraca, seiceáil go bhfuil conair talmhaithe iontaoifa doathraithe ag an trealamh.

ML3000, 3100, 3001, 3101 Sraith Lasc Éitirlín

Ceanglais sábháilteachta leictreachais

Ní mór gan an táirge seo a shuiteáil ach i Limistéir Rochtana Teoranta Amháin (Seomraí Trealamh Tiomnaithe, Clóiséid Leictreachais, nó lena leithéid).

Suiteálfar táirgí SD 48 V le gléas sorochtana dínasctha sa chiorcad soláthair suiteála foirgnimh a ghabhann leis an táirge.

Soláthrófar an táirge seo le fiús Liostaithe 10A SD ar a mhéad nó le scoradán chiorcaid sa chiorcad soláthair nuair a bhíonn sé nasctha le foinse SD láraithe de 48 V.

Beidh soláthar seachtrach cumhachta d' aonaid SD mar Aonad cumhachta Liostaithe, Plugála Dírí, marcáilte Aicme 2, nó le Soláthar Cumhachta ITE Liostaithe, marcáilte LP, ag a bhfuil voltas aschuir atá rátaithe go cuí (is é sin, SD48 V) agus sruth aschuir atá rátaithe go cuí.

Níl fiúsanna in-athsholáthraithe ag an úsáideoir sa táirge seo. Is é GE Digital Energy AMHÁIN a dhéanfaidh fiúsanna inmheánacha a athsholáthar.

Múnlaí le foinse cumhachta SD iontu, ní mór foinse soláthair SD a sholáthar chuig an trealamh atá faighte ó chiorcad tánaisteach agus atá aonraithe ón bpríomhlíonra SA trí Inslíú Treisithe (m.sh: soláthar cumhachta ITE UL Deimhnithe a thugann Inslíú Dúbailte nó Treisithe).

Réamhchúraimí ginearálta sábháilteachta

AIRE:

Mura gcomhlíontar na treoracha a sholáthraítear sa lámhleabhar trealamh/sna lámhleabhair threalaimh, nó mura gcloítear leo, d'fhéadfaí damáiste do-athraithe a dhéanamh don trealamh nó do réadmhaoin, d'fhéadfaí díobháil a dhéanamh do dhuine agus/nó d'fhéadfadh duine bás a fháil.

Sula ndéantar iarracht an trealamh a úsáid, tá sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar na táscairí contúirte agus aire go léir.

Má úsáidtear an trealamh ar bhealach nach bhfuil sonraithe ag an déantóir nó má oibríonn sé go mínormálta, lean ort go cúramach. Murach sin, féadfaidh an chosaint a sholáthraíonn an trealamh a bheith laghdaithe agus a bheith ina cúis le lagoibriú agus le díobháil.

Aire: Féadann voltais ghuaiseacha a bheith ina gcúis le turraing, dóнна nó bás.

Ní mór go bhfuil eolas ag pearsanra suiteála/seirbhíse ar chleachtais ghinearálta tástála gléasanna agus ní mór dóibh cloí leis na réamhchúraimí sábháilteachta.

Sula ndéantar amharc-iniúchtaí, tástálacha, nó cothabháil thréimhsiúil ar an ngléas seo nó ar na ciorcaid ghaolmhara, aonraigh nó dínasc na ciorcaid bheo ghuaiseacha go léir agus na foinsí cumhachta leictrí.

Mura ndéantar an trealamh a chasadh as sula mbaintear na naisc cumhachta, féadfaidh tú nochta ag voltas contúirteach, rud a bheidh ina gcúis le díobháil nó le bás.

Gach trealamh atá molta le bheith talmhaithe; ba chóir go mbeadh conair talmhaithe iontaofa do-athraithe ar mhaithe le sábháilteacht ann, go mbeadh cosaint ar thrasnaíocht leictreamaighnéadach agus go mbeadh oibriúchán cuí sa ghléas.

Ba chóir go mbeadh talmhaithe trealaimh nasctha lena chéile agus nasctha le príomhchóras talmhaithe na saoráide don chumhacht phríomhúil.

Coinnigh na talamh-sheoláin go léir chomh gearr agus is féidir.

Ní mór teirminéal talmhaithe an trealaimh a bheith talmhaithe i gcónaí le linn oibriú agus seirbhísiú an ghléis.

I dteannta leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá luaite maidir le gach nasc leictreachais ní mór go dtugtar aird ar chód leictreachais na dlínse áitiúil is infheidhmithe.

Tá léasair Aicme I sa táirge seo.

Ní mór rátáil soláthair chumhachta an fhonnaidh a dheimhniú lena n-oiriúnacht roimh modúil soláthair chumhachta inbhainte a chur isteach.

Riachtanais UL/CE d'Aonaid SD-Cumhachtaithe

Íoschábbla 18 AWG le nascadh le foinsé cumhachta DC lárnaithé.

Íoschábbla 14 AWG le nascadh le sreang talmhaithe.

Ná húsáid ach amháin le scoradán ciorcaid 10 A a sholáthraítear i suiteáil foirgnimh, agus cosaint bhraínse 20 A (uasluach) do na haonaid atá rátáithe 90 go 265 V.

“Complies with FDA radiation performance standards, 21 CFR sub-chapter J” nó comhchosúil.

Torc na gcluaisíní a dhaingniú ar an mbac teirminéil: 9 n-ortalach-punt uasta.

D'aonaid SA agus HI chumhachtaithe, nó húsáid ach le scoradán ciorcaid 20A sholáthraítear i suiteáil foirgnimh. Soláthrófar scoradán ciorcaid sa chóras deiridh nó san fhoirgneamh mar ghléas dínascctha.


Dínasc gach foinsé cumhachta roimh sheirbhísiú. Déan réamhchúraimí speisialta má tá dé-aonad sholáthar cumhachta á sheirbhísiú.


Ní mór ach soláthair cumhachta sheachtracha marcáilte CE a úsáid ar an aonad SD-chumhachtaithe.

Cábbla foinsé cumhachta SD a dhaingniú; úsáid ceithre shnaidhmeán cábla ar a laghad leis an gcábbla a dhaingniú ar an raca 4 ortalach óna chéile ar a laghad, agus an chéad cheann suite laistigh de 6 ortalach ón mbac teirminéil.

Tástáil nirt tréleitreach (ardphoit)

AIRE:

Ní mór an nasc ciorrúcháin idir talmhú scaipthe  agus talmhú sábháilteachta a bhaint sula ndéanfar tástáil ar neart tréleitreach, chun ciorcadra neamhbhuan sochta an tsoláthair chumhachta a chosaint.



Athsheachadán Digiteach Sheiceáil Sioncrónacha MLJ

In athsheachadán le cumarsáid nó má úsáidtear cábla ar a bhfuil cumhdach, ba chóir go ndéanfaí an cumhdach a nascadh leis an teirminéal atá ceaptha chuige sin (B11), gan cur isteach ar an leanúnachas, agus ní cóir dó a bheith nasctha leis an talmhú. Ar mhaithe leis an tsábháilteacht phearsanta, áfach, agus d'fhonn trasnáíocht a atreorú chuig an talmhú, Ní mór go mbíonn sé nasctha leis an talmhú ag pointe amháin ar a laghad. Is í an áit is oiriúnaí de ghnáth ná ar thaobh an rialaitheora cumarsáide. Má dhéantar é sin, talmhaítear an cábla agus stoptar sruthanna de dhul tríd an gcábla, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar oibriú ceart na cumarsáide.

Nuair a dhéantar trealamh leictreach a shreangú leis an gcásáil, más cásáil mhíotalach atá i gceist, bíonn cumas ann i gcónaí, is é sin iomlán chumas na trasnáíochta agus na gcumas atá riachtanach don scagadh. Cé nach bhféadfaidh na sruthanna, ar féidir dul trí na cumais seo, a bheith contúirteach do dhaoine, bíonn siad scanrúil agus bearránach i gcónaí, agus bíonn siad níos measa nuair a bhíonn aimsir fhliuch ann nó nuair a úsáidtear coisbheart éadrom.

MULTINET FE- Sraith go tiontaire Éitirlín

TEIRMINÉIL CUMHACHTA: Is le hionchur cumhachta na trí theirminéal cumhachta ar chlé. Tá lipéad "L" agus "N" ar na teirminéil do Líne SA agus cumhacht neodrach.

Ní Mór an teirminéal TLÚ a nascadh leis an talmhú le cosaint leordheonach ar dhíomuanta a chinntiú

AIRE: Ní mór cumhacht rialaithe a sholáthraítear do MultiNet a nascadh leis an réimse soláthair chumhachta lena mbaineann. Má dhéantar an voltas a chur leis na teirminéil chontráilte, féadfar damáiste a dhéanamh!

AIRE: Féadfar damáiste a dhéanamh don súil le linn amharc ar aon tarchuradóir snáithín!

COMHSHAOL

- Teochtaí comhthimpeallacha: Réimse oibriúcháin: -20°C go 70°C
- Airde: 2000 m (uas)

- Aicme inslithe: 1
- Céim Truaillithe: II
- Catagóir Róvoltais: II
- Cosaint Iontrála: IP10 Aghaidh, IP40 Barr, Bun, Cúl, Clé/Deis

P30 Comhchruinnitheoir Sonraí Pasóra

Mura gcomhlíontar na treoracha a sholáthraítear sa lámhleabhar trealaimh/sna lámhleabhair threalaimh, nó mura gcloítear leo, d'fhéadfaí damáiste do-athraithe a dhéanamh don trealamh nó do réadmhaoin, d'fhéadfaí díobháil a dhéanamh do dhuine agus/nó d'fhéadfadh duine bás a fháil.

Sula ndéantar iarracht an trealamh a úsáid, tá sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar na táscairí contúirte agus aire go léir.

Má úsáidtear an trealamh ar bhealach nach bhfuil sonraithe ag an déantóir nó má oibríonn sé go mínormálta, lean ort go cúramach. Murach sin, féadfaidh an chosaint a sholáthraíonn an trealamh a bheith laghdaithe agus a bheith ina cúis le ligoibriú agus le díobháil.

Aire: Féadann voltais ghuaiseacha a bheith ina gcúis le turraing, dónna nó bás.

Ní mór go bhfuil eolas ag pearsanra suiteála/seirbhíse ar chleachtais ghinearálta tástála gléasanna agus ní mór dóibh cloí leis na réamhchúraimí sábháilteachta.

Sula ndéantar amharc-iniúchtaí, tástálacha, nó cothabháil thréimhsiúil ar an ngléas seo nó ar na ciorcaid ghaolmhara, aonraigh nó dínasc na ciorcaid bheo ghuaiseacha go léir agus na foinsí cumhachta leictirí.

Mura ndéantar an trealamh a chasadh as sula mbaintear na naisc cumhachta, féadfaidh tú nochtadh ag voltas contúirteach, rud a bheidh ina gcúis le díobháil nó le bás.

Ba chóir don trealamh go léir atá molta, ar cóir a bheith talmhaithe, conair talmhaithe iontaofa a bheith aige ar mhaithe leis an tsábháilteacht, gur chonair í nach bhfuil i gcontúirt. Chomh maith leis sin, ba chóir dó cosaint ar thrasnaíocht leictreamaighnéadach a bheith aige agus a bheith ag obair i gceart.

Ba chóir go mbeadh talmhaithe threalaimh nasctha lena chéile agus nasctha le príomhchóras talmhaithe na saoráide don chumhacht phríomhúil.

Coinnigh na talamh-sheoláin go léir chomh gearr agus is féidir.

Ní mór teirminéal talmhaithe an threalaimh a bheith talmhaithe i gcónaí le linn oibriú agus seirbhísiú an ghléis.

I dteannta leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá luaite maidir le gach nasc leictreachais ní mór go dtugtar aird ar chód leictreachais na dlínse áitiúil is infheidhmithe.

Cumhdach bhac teirminéil Lexan ar chlár ionchuir cumhachta: Ní mór é a chur ar ais tar éis naisc leictreacha a dhéanamh, le féidearthacht turrainge leictirí a laghdú.

Ní mór gur cineál atá inslithe iad na cluaisíní teirminéil roctha allmuigh a úsáidtear ar an P30. Beidh riosca féideartha turrainge ann don úsáideoir deiridh má úsáidtear cluaisíní teirminéil coirp nach bhfuil inslithe.

RABHADH: Agus é ag brath ar an bhfionnadh, is féidir le hiniaimh threalaimh oscailte voltas contúirteach a nochtadh, ar féidir is cúis le turraing leictreach don suiteálaí. Cinntigh go bhfuil cumhacht líne chuig an trealamh dínascstha roimh an bhfionnadh agus codanna a sheirbhísiú.

FÓGRA FAOI SNÁITHÍN/LÉASAR

I gcás gléasanna snáthoptaice/léasair, tabhair na rabhaidh agus nótaí mar seo a leanas do d'aire:

AIRE: Táirgí a bhfuil gléasanna optúla/léasair Aicme 1 iontu, cloíonn siad le:

- IEC60825-1

D'fhéadfadh go n-astófaí radaíocht léasair dofheicthe ó snáithe dínasctha nó ó ghléasanna optúla/léasair. Ná stán ar léasacha nó amharc go díreach orthu le hionstraimí optúla mar d'fhéadfadh sé sin damáiste buan a dhéanamh do do shúile.

AIRE: Tá sé tábhachtach gach cábla a dhínascadh nó a bhaint roimh chlár ina bhfuil trasghlacadóir optúil/léasair a bhaint nó a shuiteáil.

Ná fág trasghlacadóir optúil/léasair gan chumhdach ach amháin le cábla a chur isteach nó a bhaint. Déanann na plocóidí sábháilte/deannaigh an port a choinneáil glan agus nochtadh ar sholas léasair de thimpiste a sheachaint.

Cosaint agus Rialú Sioncrónach Mótair SPM

Ná déan iarracht an mótair a chur ar bun sula ndéanfar an chóimeáil sheachtrach friotóra a shreangú. Féadfar an-damáiste a dhéanamh don ghléas mura bhfuil an chóimeáil sheachtrach friotóra nasctha.

Athsheachadán Uilíoch (AU)

Airí agus Rabhaidh Ginearálta

Cinntigh go bhfuil gach nasc chuig an táirge ceart le riosca timpisteach turrainge agus/nó tine a sheachaint, mar shampla iad siúd a éiríonn as teirminéil ardvoltais a nascadh le teirminéil ísealvoltais.

Lean leis na riachtanais sa lámhleabhar táirge-sonrach seo, lena n-áirítear méid agus cineál imleor sreangaithe, socruithe torc teirminéil, voltas, méadaíochtaí curtha i bhfeidhm, agus aonrú/glanadh imleor i sreangú seachtrach ó chiorcaid ardvoltais go ísealvoltais.

Ná húsáid an gléas ach don cuspóir agus don fheidhm a bhfuil sé ceaptha.

Cinntigh go bhfuil gach conair talmhaithe do-athraithe ar mhaithe le sábháilteacht le linn oibriúcháin agus seirbhísiú an ghléis.

Cinntigh go dtéann an chumhacht rialaithe a chuirtear i bhfeidhm ar an ngléas, an sruth ailtéarnach (SA) agus an t-ionchur voltais leis na rátála sonraithe ar ainmpláta an athsheachadáin. Ná cuir sruth nó voltas i bhfeidhm a sháraíonn na teorainneacha sonraithe.

Ní oibrítear ach pearsanra cáilithe an gléas. Ní mór don phearsanra sin bheith an-eolach ar gach airí agus rabhaidh sábháilteachta sa lámhleabhar seo agus ar rialacháin sábháilteachta a bhaineann leis an tír, leis an réigiún, leis an bhfóntas agus leis an ngléasra.

Féadann voltas ghuaiseacha a bheith i láthair sa soláthar cumhachta agus ag nasc an ghléis le sruthchlaohadáin, claochadáin voltais, rialú, agus teirminéil tástála. Cinntigh go bhfuil gach foinse na voltas sin aonraithe roimh tosach ar obair ar an ngléas.

Féadann voltas chontúirteacha bheith i láthair ar oscailt ciorcad tánaisteach de chuid sruthchlaohadán beo. Cinntigh go ndéanfar ciorcaid thánaisteacha na sruthchlaohadán a ghearrchiorcadadh roimh nasc a dhéanamh nó a bhaint le teirminéil ionchuir an sruthchlaohadán (SC) ar an ngléas.

Maidir le tástáil le trealamh tástála tánaistí, cinntigh nach bhfuil aon fhoinsé eile voltais nó sruthanna nasctha leis an trealamh sin agus go ndéantar orduithe tuisle agus dúnta chuig na scoradáin chiorcaid nó chuig gairis eile lasctha a aonrú, mura n-éilíonn an nós imeachta tástála amhlaidh agus mura sonraítear i nós imeachta an fhóntais/an ghléasra lena mbaineann é.

Nuair a bhaintear úsáid as an ngléas le príomhthrealamh a rialú, amhail scoradáin chiorcaid, aonraitheoirí, agus gairis lasctha eile, ní mór gach ciorcad rialaithe ón ngléas chuid an bpríomhthrealamh a aonrú nuair a bhíonn pearsanra ag obair air nó timpeall an phríomhthrealamh seo le haon ordú neamhaireach ón ngléas seo a sheachaint .

Bain úsáid as dínascadh seachtrach soláthair voltas an phríomhlíonra a aonrú.

D'fhéadfadh feidhm a bheith ar shábháilteacht phearsanta má mhionathraíonn an t-úsáideoir deiridh an táirge go fisiciúil. Níl mionathruithe don táirge, lasmuigh de chumraíocht sreanga molta, crua-earraí nó teorannacha ríomhchláraithe molta mar chleachtadh úsáideora deiridh. Ní cheadaítear díchóimeáil táirge nó deisiúcháin. Ní mór go ndéantar gach seirbhísiú sa mhonarcha.

Aicmítear tarchuradóirí LED mar IEC 60825-1 Teorainn Astúcháin Inrochtana (TAI) Aicme 1M. Meastar go bhfuil gléasanna Aicme 1M sábháilte don súil neamh-chuidithe.

Ná hamharc go díreach orthu le hionstraimí optúla.

Tá an táirge seo rátaithe chuig leibhéal astuithe Aicme A agus ní le húsáid ach amháin i dtimpeallachtaí Tionsclaíochta Fóntais nó Fostáisiúin. Ní le húsáid in aice le gléasanna leictreonacha atá rátaithe do leibhéal Aicme B.

Eolas Sábháilteachta agus Rialála

CAIBIDIL 3: Dearbhú comhréireachta AE

Cuimsítear sa dhá leathanach seo a leanas na doiciméid chineálacha do Dhearbhú comhréireachta AE agus na doiciméid chineálacha d'Aguisín Comhréireachta AE a n-áirítear le táirgí GE Grid Solutions.

GE Teimpléad Comhréireachta Grid Solutions

EC Declaration of Conformity

Declaration No. (Unique ID number of declaration) CE YY

Manufacturer Name: Enter business name
Address: Address 1
 Address 2

Object of the declaration

Product Name or Model #	Product Title or Description
Product Name or Model #	Product Title or Description

We (the Manufacturer) declare under our sole responsibility that the product(s) described above is/are in conformity with applicable EC harmonization Legislation.

Document No.	Title	Edition/Issue
Directive 1	Title of Directive	Issue date
Directive 2	Title of Directive	Issue date
Directive n	Title of Directive	Issue date

Harmonised standards or references to the specifications in relation to which conformity is declared:

Document No.	Title	Edition/Issue
XXXX/xx/ZZ	Title of the standard, regulation etc.	Date
XXXX/xx/ZZ	Title of the standard, regulation etc.	Date
XXXX/xx/ZZ	Title of the standard, regulation etc.	Date
XXXX/xx/ZZ	Title of the standard, regulation etc.	Date
XXXX/xx/ZZ	Title of the standard, regulation etc.	Date


Additional Information

(Example) - This certificate is issued in conjunction with the EC Type Examination Certificate xxxx ISSUE xxxx

Signed for and on behalf of the Manufacturer:

Name:	Name:
Function:	Function:
Signature:	Signature:

Issued Date:



EC Declaration of Conformity Appendix

Declaration No.

(Unique ID number of declaration)



Object of the declaration

Product Name or Model #
Product Name or Model #

Product Title or Description
Product Title or Description

*Use this page to list product options or products covered by this DoC
in case single page is not sufficient.*



Eolas Sábháilteachta agus Rialála

Foscúbhinn A: Ilghnéitheach

Cuireann an chaibidil seo eolas ar fáil ar stair athbhreithnithe an doiciméid seo agus ar na giorrúcháin úsáidte ann.

Stair athbhreithnithe

Tábla 1: Stair athbhreithnithe

Uimhir fhoilsithe GE	Dáta eisithe
GET-8538A	Feabhra 2015
GET-8538B	Meitheamh 2019
GET-8538C	Aibreán 2023

Giorrúcháin

SA	Alternating Current (Sruth Ailtéarnach)
AEL	Accessible Emission Limit (Teorainn Astaíochta Inrochtana)
AWG	American Wire Gauge (Tomhas Sreinge Mheiriceánaigh)
Cd	Caidmiam
CT	Current Transformer (Sruthchlaochladán)
DC	Direct Current (Sruth Díreach)
EMC	Electromagnetic Compatibility (Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach)
ESD	Electrostatic Discharge (Díluchtú Leictreastatach)
Hg	Mearcair
HRC	High Rupture Capacity (Ard-Acmhainn Réabtha)
IEC	International Electrotechnical Commission (Coimisiún Leictreitheicniúil Idirnáisiúnta)
Pb	Luaidhe
PCT	Protective Conductor Terminal (Teirminéal Seoltóra Cosanta)
UL	Underwriters Laboratories

